2024/2692

18.10.2024

# RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/2692 ÓN gCOIMISIÚN

## an 17 Deireadh Fómhair 2024

## lena leasaítear Iarscríbhinní I agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a mhéid a bhaineann le formheas nó aistarraingt an stádais saor ó ghalar atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus le formheas na gclár díothaithe le haghaidh galair liostaithe áirithe

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 31(4), an dara fomhír, Airteagal 42(4) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leagtar síos le Rialachán (AE) 2016/429 rialacha sonracha ó thaobh galair de maidir leis na galair a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 5(1) de, agus sonraítear an chaoi a bhfuil na rialacha sin le cur i bhfeidhm maidir le catagóirí éagsúla de ghalair liostaithe. Le Rialachán (AE) 2016/429 déantar foráil freisin maidir leis an bhformheas nó an aistarraingt a dhéanfaidh an Coimisiún ar stádas saor ó ghalair Ballstát nó criosanna nó deighleog díobh maidir le galair liostaithe áirithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de. Ina theannta sin, déantar foráil i Rialachán (AE) 2016/429 go mbunóidh na Ballstáit cláir dhíothaithe éigeantacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (b), de, agus déantar foráil ann maidir le cláir dhíothaithe roghnacha le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointe (c), de, agus maidir le formheas na gclár sin ag an gCoimisiún.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ([2]) ón gCoimisiún forlíontar Rialachán (AE) 2016/429 agus leagtar síos na critéir maidir le stádas saor ó ghalair a dheonú, a choinneáil ar bun, a chur ar fionraí agus a aistarraingt i gcás Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh, agus na ceanglais maidir le formheas clár díothaithe le haghaidh Ballstát nó criosanna nó deighleoga díobh.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos rialacha cur chun feidhme le haghaidh na ngalar liostaithe dá dtagraítear in Airteagal 9(1), pointí (a), (b) agus (c), de Rialachán (AE) 2016/429, maidir le hainmhithe, a mhéid a bhaineann le stádas saor ó ghalair agus stádas neamh-vacsaínithe atá ag Ballstáit áirithe nó criosanna nó deighleoga díobh, agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin. Go háirithe, liostaítear ann sna hIarscríbhinní a ghabhann leis, na Ballstáit nó na criosanna nó deighleoga díobh a bhfuil stádas formheasta saor ó ghalair acu agus a bhfuil cláir dhíothaithe éigeantacha nó roghnacha fhormheasta cheana acu. Mar gheall ar an athrú atá ag teacht ar an staid eipidéimeolaíoch san Aontas maidir le galair liostaithe áirithe, ba cheart Iarscríbhinní I agus VIII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin a leasú.

(4) Ar an gcéad dul síos, maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis agus B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ar coimeád, thug an Iodáil fógra don Choimisiún faoi ráig bhunaidh an 11 Nollaig 2023 i gcúige Alessandria i Réigiún Piemonte, agus ina dhiaidh sin dhá ráig thánaisteacha sa chúige chéanna ar tugadh fógra ina leith an 8 Eanáir 2024 agus an 1 Lúnasa 2024. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalair ag Réigiún iomlán Piemonte agus go liostaítear é i gCaibidil 2 de Chuid I d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart formheas an stádais saor ó ghalair maidir le hionfhabhtú le *Brucella abortus, B. melitensis* agus *B. suis* in ainmhithe den chineál caorach agus den chineál gabhair ar coimeád a tharraingt siar ó chúige Alessandria i Réigiún Piemonte agus ba cheart an iontráil a bhaineann leis an Iodáil sa liosta sin a leasú dá réir.

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 ón gCoimisiún an 17 Nollaig 2019 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le faireachas, cláir dhíothaithe agus stádas saor ó ghalair i ndáil le galair liostaithe áirithe agus galair áirithe atá ag teacht chun cinn (IO L 174, 3.6.2020, lch. 211, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/689/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 ón gCoimisiún an 15 Aibreán 2021 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le formheas an stádais saor ó ghalair agus an stádais neamh-vacsaínithe atá ag Ballstát áirithe nó ag criosanna nó deighleoga díobh i ndáil le galair liostaithe áirithe agus formheas na gclár díothaithe le haghaidh na ngalar liostaithe sin (IO L 131, 16.4.2021, lch. 78, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/620/oj).

(5) Ar an dara dul síos, a mhéid a bhaineann le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga (séiritíopaí 1-24) (ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga), thug an tSeicia, an Danmhairg, an Ghearmáin, Lucsamburg, an Ostair agus an tSualainn fógra don Choimisiún faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le víreas gormtheanga séiritíopa 3. Tugadh fógra faoi na ráigeanna sa Ghearmáin sa chrios a bhfuil stádas saor ó ghalair fós aige a mhéid a bhaineann leis an ngalar sin. Ina theannta sin, thug an Ostair fógra don Choimisiún faoi ráig amháin d'ionfhabhtú le víreas gormtheanga séiritíopa 4. Thug an Iodáil agus an Spáinn fógra don Choimisiún freisin faoi ráigeanna d'ionfhabhtú le víreas gormtheanga séiritíopa 8. An Iodáil i réigiún Valle d'Aosta, agus an Spáinn i gcomhphobal féinrialaitheach na Catalóine gar do chúige Huesca i gcomhphobal féinrialaitheach na hAragóine, agus i gcomhphobal féinrialaitheach na nOileán Baileárach. Ós rud é go bhfuil stádas saor ó ghalar ag críoch iomlán na Seicia, Lucsamburg agus na Danmhairge, na Gearmáine (seachas Bundesland Bremen, Hessen, Niedersachsen, Nordrhein-Westfalen, Rheinland-Pfalz), agus na hOstaire agus na Sualainne, réigiún Valle d'Aosta san Iodáil, agus pobal féinrialaitheach na nOileán Baileárach, agus pobal féinrialaitheach Aragon sa Spáinn, agus go liostaítear iad i gCuid I d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, ba cheart formheas an stádais saor ó ghalar maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a tharraingt siar ó chríoch iomlán na Danmhairge, Lucsamburg, na Gearmáine, mar a tuairiscíodh níos luaithe, críoch na hOstaire, na Sualainne, roinnt réigiún de chuid na Seicia, réigiún Valle d'Aosta san Iodáil, agus ó chomhphobal féinrialaitheach na nOileán Baileárach agus ó chúige Huesca i gcomhphobal féinrialaitheach Aragón sa Spáinn. Dá bhrí sin, ba cheart na hiontrálacha a bhaineann leis an tSeicia, leis an Danmhairg, leis an nGearmáin, leis an Spáinn, leis an Iodáil, le Lucsamburg, leis an Ostair agus leis an tSualainn ar an liosta sin a leasú dá réir.

(6) Ina theannta sin, chuir an Spáinn an Coimisiún ar an eolas gur leathnaigh sí raon feidhme críochach an chláir díothaithe roghnaigh maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a formheasadh cheana féin le haghaidh na gcriosanna a liostaítear i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, agus comhphobal féinrialaitheach na nOileán Baileárach agus crios a chuimsíonn cúige Huesca i gcomhphobal féinrialaitheach Aragón. Dá bhrí sin, ba cheart na limistéir sin a chur leis an iontráil a bhaineann leis an Spáinn i gCuid II d'Iarscríbhinn VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620, agus ba cheart an leasú atá beartaithe ar an gclár díothaithe roghnach i leith ionfhabhtú leis an víreas gormtheanga a fhormheas.

(7) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní I agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 a leasú dá réir.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinní I agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an tríú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 17 Deireadh Fómhair 2024.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN

*IARSCRÍBHINN*

Leasaítear Iarscríbhinní I agus VIII a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/620 mar a leanas:

(1) in Iarscríbhinn I, i gCuid I, i gCaibidil 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

| Ballstát | Críoch |
|---|---|
| ‘an Iodáil | Regione Abruzzo<br>Regione Basilicata: Province di Matera<br>Regione Calabria: Province di Catanzaro, Cosenza<br>Regione Campania: Provincia di Benevento, Napoli, Salerno<br>Regione Emilia-Romagna<br>Regione Friuli Venezia Giulia<br>Regione Lazio<br>Regione Liguria<br>Regione Lombardia<br>Regione Marche<br>Regione Molise<br>Regione Piemonte: Provincia de Asti, Biella, Cuneo, Novara, Verbano-Cusio-Ossola, Vercelli and Citta Metropolitana di Torino<br>Regione Puglia: Province di Bari, Barletta-Andria-Trani, Brindisi, Lecce, Taranto<br>Regione Sardegna<br>Regione Toscana<br>Regione Trentino – Alto Adige<br>Regione Umbria<br>Regione Valle d’Aosta<br>Regione Veneto’ |

(2) Leasaítear Iarscríbhinn VIII mar a leanas:

(a) Leasaítear Cuid I mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an tSeicia:

| Ballstát | Críoch |
|---|---|
| ‘an tSeicia | The whole territory of Czechia except:<br>Karlovy Vary Region,<br>Ústí nad Labem Region,<br>Central Bohemian Region,<br>Prague Region,<br>Pilsen Region,<br>Liberec Region,<br>South Bohemian region,<br>Districts Pelhřimov, Havlíčkův Brod and Jihlava in the Vysočina Region,<br>Districts Pardubice and Chrudim in the Pardubice Region,<br>Districts Jičín and Hradec Králové in the Hradec Králové Region’ |

(ii) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Danmhairg;

(iii) scriostar an iontráil a bhaineann leis an nGearmáin;

(iv) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Spáinn:

| Ballstát | Críoch |
|---|---|
| 'an Spáinn | Comunidad Autónoma de Aragón: Provincia de Zaragoza y Teruel<br>Comunidad Autónoma de Canarias<br>Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha: Provincia of Guadalajara<br>Comunidad Autónoma de Castilla y León, except the following areas:<br>Provincia of Ávila<br>Provincia of Salamanca<br>Cantalejo, Carbonero El Mayor, Santa María la Real de Nieva, Segovia, Villacastín in the Provincia of Segovia<br>Alcañices, Bermillo de Sayago, Puebla de Sanabria in the provincia of Zamora<br>Comunidad Autónoma de La Rioja<br>Comunidad Autónoma de Navarra<br>Comunidad Autónoma del País Vasco<br>Comunidad Autónoma de Valencia: provincia of Castellón and provincia of Valencia' |

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann leis an Iodáil:

| Ballstát | Críoch |
|---|---|
| 'an Iodáil | Provincia Autonoma di Bolzano – Alto Adige<br>Regione Friuli Venezia Giulia'; |

(vi) scriostar an iontráil a bhaineann le Lucsamburg;

(vii) scriostar an iontráil a bhaineann leis an Ostair;

(viii) scriostar an iontráil a bhaineann leis an tSualainn;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad Chuid II:

'CUID II

**Ballstáit nó criosanna díobh ag a bhfuil clár díothaithe formheasta maidir le hionfhabhtú leis an víreas gormtheanga**

| Ballstát | Críoch | Dáta an fhormheasa tosaigh dá dtagraítear in Airteagal 15(2) de Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/689 |
|---|---|---|
| an Spáinn | Comunidad Autónoma de Aragon: Provincia de Huesca<br>Comunidad Autónoma de Andalucía<br>Comunidad Autónoma de Castilla-La Mancha, except the provincia of Guadalajara<br>Comunidad Autónoma de Asturias | 21.2.2022' |

| | | |
|---|---|---|
| | Comunidad Autónoma de Cantabria<br>Comunidad Autónoma de las Islas Baleares<br>Comunidad Autónoma de Castilla y León:<br>provincia of Ávila<br>Provincia of Salamanca<br>Cantalejo, Carbonero El Mayor, Santa María la Real de Nieva, Segovia, Villacastín in the provincia of Segovia<br>Alcañices, Bermillo de Sayago, Puebla de Sanabria in the provincia of Zamora<br>Comunidad Autónoma de Cataluña<br>Comunidad Autónoma de Extremadura<br>Comunidad Autónoma de Galicia<br>Comunidad Autónoma de Madrid<br>Comunidad Autónoma de Murcia<br>Comunidad Autónoma de Valencia: provincia of Alicante. | |